Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7203/20**

**FIN 201**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7144/20 - COM(2020) 171 final |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun bearta buiséadacha láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19 |

1. An 2 Aibreán 2020, chuir an Coimisiún ar aghaidh chuig an gComhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/265 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar na méideanna arna slógadh ón Ionstraim Sholúbthachta le haghaidh 2020 chun úsáide i gcomhair imirce, insreabhadh dídeanaithe agus bagairtí slándála, le haghaidh bearta láithreacha i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus le haghaidh athneartú ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

   Is é is cuspóir don togra seo an maoiniú i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020 a fhorlíonadh thar uasteorainn cheannteideal 3 ( Slándáil agus saoránacht) le EUR 243 039 699 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, chun bearta láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19, tar éis ghlacadh dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2020[1].

[1] 7142/20 (COM(2020) 170 final).

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige ar an 6 Aibreán agus bhí sé in ann na hathruithe atá beartaithe a fhormheas.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dheimhniú go gcomhaontaíonn sé le téacs an Chinnidh maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é;

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle[1], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn lena ghlacadh.

---

1 Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88 I, 24.3.2020, lch. 1).

**IARSCRÍBHINN**

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun bearta buiséadacha láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[1], agus go háirithe pointe 12 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Tá sé beartaithe leis an Ionstraim Sholúbthachta go mbeifear in ann caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas é a shainaithnítear go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheadh le fáil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile.

(2) Is é EUR 600 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013[2], ón gComhairle, uasteorainn an mhéid bhliantúil a bheidh ar fáil le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta, agus í sin arna méadú, i gcás inarb infheidhme, le méideanna gan chaitheamh a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 den Airteagal sin.

(3) Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i gcomhthéacs ráig COVID-19, ní mór méideanna a shlógadh chun bearta iomchuí a mhaoiniú mar ábhar práinne.

---

[1] IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

[2] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

(4) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile i ndáil le leithreasuithe a ath-leithdháileadh faoi na huasteorainneacha caiteachais do cheannteideal 3 (Slándáil agus Saoránacht), is gá an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun forlíonadh EUR 243 039 699 a chur leis an maoiniú i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020 thar uasteorainn cheannteideal 3 chun bearta láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19. Comhlánaíonn an méid sin maoiniú ón Ionstraim Sholúbthachta a slógadh i gcomhthéacs bhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta an Aontais do 2020.

(5) Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta a chomhfhreagraíonn do shlógadh na hIonstraime Solúbthachta, ba cheart iad a leithdháileadh thar roinnt blianta airgeadais.

(6) Tá an cinneadh seo nasctha le maoiniú a áirítear i mbuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta an Aontais don bhliain 2020. Chun an comhleanúnachas leis an mbuiséad leasaitheach a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020, déanfar an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun EUR 243 039 699 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 3 (Slándáil agus Saoránacht).

   Úsáidfear an méid sin chun bearta láithreacha a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sláinte atá ann faoi láthair san Aontas Eorpach a eascraíonn as ráig COVID-19.

2. Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, is é seo a leanas meastachán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta a chomhfhreagraíonn do shlógadh na hIonstraime Solúbthachta:

(a) EUR 123 950 247 in 2020;

(b) EUR 71 453 672 in 2021;

(c) EUR 23 817 890 in 2022;

(d) EUR 23 817 890 in 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … [dáta a ghlactha]**.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

** *** Dáta le cur isteach ag an bParlaimint roimh fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*